Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú an 28 Samhain 2025

Ceannáras TG4, Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí na comhaltaí ar fad i láthair i mBaile na hAbhann. Bhí Stiúrthóir Dlí TG4 ar Zoom.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú maidir le Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa le tabhairt ar aird acu seachas an méid a tugadh le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí mhí Dheireadh Fómhair.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Níor éirigh aon ghnó eile as na miontuairiscí nach raibh ar an chlár.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

**5.1 An Rialtas, An Roinn & Coimisiún na Meán**

5.1.2 *An Rialtas:* Deimhníodh go raibh maoiniú forlíontach breise €1m ar fáil do TG4 chomh maith leis an €5.4m a fógraíodh sa cháinaisnéis do 2026.

Dúradh go raibh cruinniú ag an Roinn le hionadaithe ó na meáin an 5 Samhain faoi Thuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán. Bhí mír ar an gclár oibre faoi Mholadh 7.2, an t-athbhreithniú ar na meáin Ghaeilge. Dúradh go mbeadh tuairisc an Choláiste Ollscoile, BÁC le foilsiú i mí na Nollag nó ag tús mhí Eanáir agus go gcuirfí tús leis an obair i mí

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

Feabhra. Tá Feidhmeannach le ceapadh i gCoimisiún na Meán a bheidh freagrach as an obair.

Tugadh le fios go bhfuil ciste nua meán an Oileáin Chomhroinnte, ar fiú €14m é, fógartha ag Roinn an Taoisigh. Coimisiún na Meán a bheidh ag riaradh an chiste chun léiriúcháin trasteorann agus trasphobail a spreagadh.

Dúradh go raibh cruinniú ag Ard-Rúnaí na Roinne le ceannairí na n-eagraíochtaí ar fad faoi choimirce na Roinne faoi rialachas corparáideach. Reachtálfar an cruinniú sin dhá uair sa bhliain.

5.1.2 *Coimisiún na Meán*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur tháinig roinnt d'fhoireann Choimisiún na Meán chuig TG4 an 12 Samhain chun cur i láthair a dhéanamh faoin mhodh nua oibre as seo go 2027. Bhí roinnt plé ar cheist na 'feiceálachta' (*prominence*) freisin.

Dúradh go raibh cruinniú ag an Ard-Stiúrthóir le Aoife MacEvilly, An Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh, an 5 Samhain in oifigí Choimisiún na Meán faoi cheist na nuachta. Iarradh go leanfaí leis an bplé le RTÉ agus go gur don dá eagraíocht teacht ar réiteach. Dúradh go raibh cruinniú ag an gCoimisinéir le Príomh-Stiúrthóir RTÉ chomh maith.

5.1.3 *Nuacht agus 7.1*: Tugadh tuairisc ar chruinniú le RTÉ an 13 Samhain i TG4. Dúradh go raibh dul chun cinn déanta ón gcruinniú deiridh, agus gur aontaíodh go gcasfadh an tArd-Stiúrthóir le foireann na Nuachta. Aontaíodh freisin nach mbeadh ábhar TG4 á chur ar nuacht an Bhéarla roimh chraoladh TG4 as seo amach. Dúradh gur céimeanna chun cinn iad seo. Pléadh roinnt moltaí atá le cur i bhfeidhm agus a mbeidh athbhreithniú rialta le déanamh orthu mar aon leis na hacmhainní iriseoireachta breise atá ag teastáil.

*5.1.4 Cruinnithe eile*: Dúradh go raibh cruinniú le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta faoin scéim comhpháirtíochta idir TG4 agus Údarás na Gaeltachta le haghaidh forbairt san earnáil. Dúradh go mbeadh an togra á fhógairt an 1 Nollaig agus go bhfógrófaí post do Bhainisteoir Forbartha Oiliúna ansin chun tabhairt faoin obair.

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

## 5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht

5.2.1 *Buiséad Coimisiúnaithe 2026:* Dúradh go raibh níos mó maoinithe ar fáil i mbliana ná blianta eile d'ábhar nua nach bhfuil conradh / comhlacht luaite leis go fóill. Dúradh go mbeadh €10m ar fáil d'ábhar nua in 2026, rud a chruthóidh deis chun spriocanna straitéiseacha ábhair agus tíreolaíocha a bhaint amach.

5.2.2 *Babhtaí Oscailte 2025*: Luadh go raibh liosta na dtograí atá imithe go conradh ó bhabhta oscailte TG4 2025 foilsithe anois ar shuíomh TG4.

*5.2.3 Oileán Comhroinnte*: Dúradh go raibh cruinniú socair leis an ILBF chun na deiseanna a bhainfidh leis an gciste nua maoinithe a phlé.

5.2.4 *Babhta Coimisiúnaithe:* Deimhníodh go raibh Babhta Oscailte Coimisiúnaithe do 2026 fógartha agus gurb é an 1 Nollaig an spriocdháta.

Dúradh go ndearnadh 46 iarratas ar bhabhta 58 de Scéim Fís agus Fuaim Choimisiún na Meán agus go raibh naoi dtogra roghnaithe le cur ar aghaidh faoin mbabhta.

5.2.5 *Ócáidí TG4*: Luadh go mbeadh seoladh an chláir Gradam @ Expo 2025 ar siúl an 9 Nollaig san IFI i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Deineadh tagairt d'ócáid a d'eagraigh Fís Éireann don Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn an 5 Samhain i bpictiúrlann an Lighthouse i mBaile Átha Cliath, mar a raibh taispeántas den scannán ***Báite*** ó scéim CINE4. Bhí eagraíochtaí earnála i láthair mar aon le haisteoirí agus foireann léirithe an scannáin ó Danú Media agus TG4.

Dúradh go raibh Réaltaí Pheil na mBan ar siúl an 15 Samhain i mBaile Átha Cliath, agus rinne TG4 bronnadh ar Phríomhfheidhmeannach Pheil na mBan, Helen O'Rourke, chun aitheantas a thabhairt di agus í ag éirí as sa mbliain nua. Dúradh gur fógraíodh ó shin gurb í Lyn Savage a bheidh ag teacht i gcomharbas uirthi.

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

**5.3 Acmhainní Daonna, An Teicneolaíocht, Conarthaí, Cúrsaí Dlí agus Cúrsaí Foirne**

*5.3.1* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go mbeadh agallaimh do phost an Stiúrthóra Ábhair ar bun i mí Eanáir agus gur ag tús mhí na Nollaig a bheadh an spriocdháta d'fholúntas an Cheannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

Dúradh go bhfógrófaí post an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí i mí na Nollag le spriocdháta i mí Eanáir.

Meabhraíodh go mbeadh an t-atheagar foirne idir lámha idir seo agus deireadh Mhárta 2026.

5.3.2 *SIPTU:* Déanadh tagairt do chruinniú le SIPTU an 17 Samhain. Dúradh gur cruinniú maith a bhí ann agus go raibh SIPTU chun soiléiriú a dhéanamh ar cheisteanna maidir leis an gcomhaontú tí agus polasaithe.

5.4 **Miontuairiscí**
Roinneadh miontuairiscí na gCruinnithe Ardbhainistíochta ar an mBord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Litreacha:* Thug an Cathaoirleach le fios go raibh litir chomhghairdis seolta aici chuig an Uachtarán nuacheaptha, Catherine Connolly, thar ceann TG4. Dúirt sí gur seoladh litir chuig an Aire freisin ag gabháil buíochais leis maidir le maoiniú TG4.

6.2 *Príomhfheidhmeannach nua Pheil na mBan:* Thréaslaigh an Cathaoirleach a ceapachán le Lyn Savage, a bheidh ina Príomhfheidhmeannach nua ar Pheil na mBan agus dúirt go mbeadh TG4 ag súil le bheith ag obair léi ag cur leis an gcomhpháirtíocht idir TG4 agus Peil na mBan. Thug an Bord aitheantas do Helen O'Rourke as a ceannaireacht ar Pheil na mBan agus ghabh buíochas léi as a tacaíocht do TG4.

6.3 *Ócáidí*:

6.3.1 Ócáid don Uachtarán: Thagair an Cathaoirleach don ócáid a d'eagraigh Fís Éireann don earnáil chun buíochas agus aitheantas a thabhairt don Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn. Thréaslaigh sí le foireann léirithe Báite as an scannán a taispeánadh ar an oíche.

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

6.3.2 An tOireachtas: Mhol an Cathaoirleach clúdach TG4 ag an Oireachtas. Dúirt sí gur cuireadh fáilte mhór roimh an Oireachtas go Béal Feirste agus go raibh spiorad agus beocht ar leith le brath le linn na seachtaine.

*6.3.3 RTS Ireland – Gay Byrne Memorial Lecture:* Luaigh an Cathaoirleach an t-ábhar suime a bhí sa bplé idir Mark Little agus Patricia Scanlon (Ambasadóir AI na hÉireann agus Cathaoirleach na Comhairle Comhairligh) maidir le deiseanna agus dúshláin AI don tsochaí, ag ócáid a d'eagair RTS Ireland i mBaile Átha Cliath an 19 Samhain.

6.4 *Comhaltaí nua Boird*: Meabhraíodh go raibh folúntais ar an mBord fógartha anois agus gurb é an 11 Nollaig an spriocdháta.

**7. Cuntais mhí Dheireadh Fómhair 2025**

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar chuntais TG4 do mhí Dheireadh Fómhair agus ar na réamh-mheastacháin go deireadh na bliana.
Tugadh léargas ar Chaiteachas, ar Ioncam Tráchtála, ar Chuntais Bainc, ar Fhiachóirí, Fabhruithe agus Costais Chaipitil.

*Gníomh: Glacadh leis na cuntais.*

**8. Buiséad 2026**

8.1 Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar an leagan amach a moladh do Bhuiséad 2026. Taispeánadh an dréachtbhuiséad do TG4, do Cúla4 agus don tSeirbhís Nuachta Dhigiteach. Dúradh go rabhthas fós ag fanacht le deimhniú maidir le rátaí NRV agus go bhféadfadh tionchar mór a bheith aige sin ar an bhuiséad dá n-athrófaí na rátaí NRV. Dúradh gur 45% ráta TG4 faoi láthair, ach go bhféadfadh baol a bheith ann go n-ardófaí é seo go 90%, agus bheadh tionchar mór aige sin ar an bhuiséad.

8.2 [redacted]

*Gníomh: Glacadh leis an Bhuiséad agus aontaíodh ráiteas a chur amach.*

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

## 9. Tuairisc ó na Fochoistí Boird

### 9.1 Cruinniú an Choiste Nuachta 27/11.

Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachta tuairisc ar chruinniú 27/11.
Míníodh na céimeanna a bhí beartaithe maidir forbairt na seirbhíse Nuachta Digití. Tugadh uasdátú maidir leis na comhráití idir TG4 agus RTÉ, agus dúradh go raibh dul chun cinn á dhéanamh le seachtainí beaga anuas. Déanadh plé mion ag an gCoiste ar neamhspleáchas eagarthóireachta agus pléadh malairt tuairimí. Toisc tréimhse an Chathaoirligh ar an mBord a bheith ag teacht chun críche, dúradh gurb é seo an cruinniú deireanach den choiste reatha agus go mbeadh coiste nua le bunú san Athbhliain nuair a bheidh na Comhaltaí Bhoird nua ceaptha.

### 9.2 Cruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

Thug Cathaoirleach an CIR tuairisc ar chruinniú 17/11.
Dúradh gur chas an CIR le DHKN chun plean iniúchóireachta inmheánaí do 2026 a shocrú. Aontaíodh go dtabharfaí faoi 3 nó 4 iniúchóireacht i mbliana, ina measc, Cur i bhFeidhm Threoirlínte Pholasaí Soláthair TG4, agus Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm mholtaí Iniúchóireachta Inmheánaí 2023 – 2025. Tugadh uasdátú freisin ar dhul chun cinn na hiniúchóireachta reatha do 2025, maidir le Seasmhacht Oibríochtúil TG4.

Dúradh go ndearna RSM Ireland cur i láthair ar an chlár Riosca agus ar an leagan amach nua, feabhsaithe den chlár riosca. Pléadh an leagan amach tíreolaíoch ar chaiteachas clár TG4 agus rinneadh moltaí chun forbairt a ghríosadh i gceantair eile.

Cuireadh dréachtphlean oibre do 2026 faoi bhráid an Bhoird.

Gníomh: D'aontaigh an Bord Plean Oibre do 2026

### 9.3 Cruinniú an Choiste Dhigitigh 26/11.

Thug Cathaoirleach an Choiste Dhigitigh tuairisc ar chruinniú 26/11.
Tugadh léargas don Choiste ar fhás Sheinnteoir TG4 le bliain anuas, ardú 34% ón bhliain roimhe seo. Tugadh spléachadh ar na mórthionscnaimh a bhí beartaithe mar chuid d'fhorbairtí 2026, agus ar an togra athdheartha

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

atá idir lámha do Sheinnteoir TG4 a bheidh le seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2026.
Deineadh tagairt do na dúshláin agus deiseanna atá ann maidir le Forbairtí Teicniúla, Comhlíonadh Rialachais, Forbairt ar Straitéis Ábhair Ilardáin mar aon le Forbairtí AI.
Dúradh gurb é seo cruinniú deiridh an Chathaoirligh reatha agus go mbeadh ballraíocht an choiste seo le socrú san Athbhliain nuair a bheidh comhaltaí nua ceaptha.

**9.4 Cruinniú na Comhairle Lucht Féachana 31/10.**

Thug Cathaoirleach na Comhairle Lucht Féachana tuairisc ar chruinniú na Comhairle ag an Oireachtas an 31/10. Chas an Chomhairle agus comhaltaí den Bhord le chéile i mBéal Feirste. Dúradh gur mhol an Chomhairle go mór an Spórt Beo ar TG4, an t-ábhar do dhaoine óga ar Cúla4, ábhar Cúrsaí Reatha agus Ceoil. Tugadh ardmholadh freisin do Ros na Rún agus do Mholscéal agus don chraoladh ón Electric Picnic.

Dúradh gur theastaigh freastal níos fearr a dhéanamh ar na déagóirí, go háirithe sna luathdhéaga agus níos mó ábhair a bheith ar YouTube dóibh siúd. Moladh sobaldhráma do dhéagóirí agus níos mó ábhair ghrinn as Gaeilge a chur ar fáil. Mhol an Chomhairle freisin go ndéanfaí tuilleadh freastail ar fhoghlaimeoirí, ina measc cúrsa céimnithe d'fhoghlaimeoirí fásta agus níos mó fotheideal i nGaeilge a chur ar fáil.

**10. Tuairisc Lucht Féachana**

Thug an Bainisteoir Taighde & Léargais Lucht Féachana eolas faoi Lucht Féachana mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna go dtí seo. Bhain TG4 sciar 2.2% amach i mí Dheireadh Fómhair agus sciar 1.9% amach i mí na Samhna. D'éirigh go maith le Spórt TG4 agus leis na sraitheanna nua Ó Mhuir go Tír, Contractors agus Laochra Gael. Bhí aiseolas dearfach maidir le craoladh an Oireachtais ag painéal Fios Físe. Dúradh go raibh ag éirí go maith le Seinnteoir TG4 agus spriocanna 2025 á sárú go dtí seo. Déanadh sruthú ar go leor ábhair ón Oireachtas, agus d'éirigh go maith le míreanna Mholscéal, míreanna ó Steip agus mír faoi Catherine Connolly ar na Meáin Shóisialta.

[redacted]

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

**11. Tuairisc: Aiseolas faoin Bhille Craolacháin**

Rinne an Stiúrthóir Dlí cur síos ar an aiseolas a thug ag TG4 maidir leis an Bhille Craolacháin tar éis mholtaí an Chomhchoiste Dála. Dúirt sí go raibh cuid mhór de mholtaí TG4 san áireamh sna moltaí a rinne an Comhchoiste Oireachtais. Tharraing sí aird an Bhoird ar moltaí an Chomhchoiste ar aontaigh TG4 leo agus iad siúd a cheistigh TG4.

Ó thaobh amlíne na reachtaíochta, dúradh go raibh súil go mbeadh sí á cur tríd an Dáil an bhliain seo chugainn.

**12. Riarachán Boird**

Aontaíodh na dátaí do chruinnithe Boird 2026.

Ghlac an Bord le huasdátú ar an bPolasaí Cleachtais Airgeadais.

Síníodh litir chun seanchuntas bainc a dhúnadh.

**13 Conradh 200k – 500k**

Nótáladh conarthaí idir 200k agus 500k.
*Gníomh: le nótáil*

**14 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile.

**15. Comhaltaí Boird ag críochnú.**

Ghabh an Cathaoirleach buíochas ó chroí le Darach Ó Tuairisg, Mairéad Ní Nuadháin agus Siobhán Ní Ghadhra as a gcuid seirbhíse agus dílseachta do TG4 le 8 mbliana anuas. Thagair sí don obair mhór a rinne siad ar an mBord agus ar na fochoistí Boird, ag Mairéad Ní Nuadháin ina Cathaoirleach ar an Choiste Nuachta, ag Darach Ó Tuairisg ina Cathaoirleach ar an Choiste Digiteach agus ag Siobhán Ní Ghadhra ina ball den Choiste Branda.

Chuir an tArd Stiúrthóir a buíochas in iúl do na comhaltaí thar ceann na foirne as a gcomhairle agus a dtacaíocht.

Docusign Envelope ID: 2ABDD10C-2EA2-4C40-9669-790457067AF0

## Críoch

DocuSigned by:

***Síniú*** 

1915C3940044407...

***Dáta*** 18-Feb-26 | 6:37 PM GMT